

Smaoineamh: Cuir i bpota, Cuir agus Uiscigh

Rud beo (orgánach) is ea planda, a mhaireann de ghnáth in aon láthair amháin, e.g. crainn, féara, raithneach, etc., a thógann uisce agus mianraí (cothaitheach neamhorgánach) isteach trína bhfréamhacha ón ithir agus a chruthaíonn bia dó féin ina dhuilleoga ag baint úsáide as solas na gréine, uisce, cothaitheach neamhorgánach agus dé-ocsaíd charbóin (CO₂). Is é fótaisintéis an focal a úsáidtear chun cur síos a dhéanamh ar an gcaoi a ndéanann plandaí (an próiseas) a gcuid bia féin.


Tá plandaí an-tábhachtach don bheatha ar fad ar domhan. Mar shampla:

- Glacann siad CO₂ isteach (ionsú) agus scaoileann siad ocsaigin (O₂) (scaoileadh) atá ag teastáil chun anáilú
- Is foinse iad de bhia agus de mhíochaine
- Soláthraíonn siad gnáthóga do go leor ainmhithe éagsúla agus is féidir iad a úsáid mar ábhar tógála
- Glanann siad uisce
- Tá cuma dheas ar phlandaí agus is féidir suaimhneas agus sonas a fháil uathu



Smaointe chun cabhrú le do phlandaí agus uisce a choigilt:

- Bain úsáid as faoi dhó:
 - i) bain úsáid as uisce fuaraithe atá fágtha ón gcócaireacht le cur ar do phlandaí
 - ii) cuir báisín i do dhoirteal agus bailigh an t-uisce ó shruthlú agus glanadh bia le cur ar do phlandaí.
- I ndáiríre: bain úsáid as uisce ó bhuta uisce, má tá ceann agat
- Ná húsáid an píobán: bain úsáid as canna spréite ina ionad
- Bailigh agus úsáid uisce óil a d'fhéadfá a chaitheamh síos sa draein de ghnáth, amhail deireadh bhuidéal uisce a bhí ann le tamall, gloine uisce a bhí ina shuí thar oíche, etc.
- Cuir uisce ar phlandaí tráthnóna agus ar maidin nuair a bhíonn sé níos fuaire chun plandaí loiscthe a sheachaint agus chun cailleadh uisce trí ghalú a chosc
- Fág d'fhéar mar atá, tá sé athléimneach agus tiocfaidh sé ar ais tar éis tréimhsí tirime
- Cuir ábhar plandaí, amhail coirt, ar d'ithir chun cuidiú leis uisce a choinneáil



Cuir i bpota, Cuir agus Uiscigh

Déan do phota féin, cuir síol, cuir uisce air agus breathnaigh ar an bhfás!

CÉARD ATÁ AG TEASTÁIL UAIT?


- Marcóir
- Rolla páipéar leithris folamh
- Siosúr (cuidiú ó dhuine fásta ag teastáil ó leanaí níos óige)
- Pinn luaidhe dathúcháin/criáin
- Síol (sa séasúr le cur) agus ithir
- Lián
- Uisce



AN RUD LE DÉANAMH...

1) Déan pota ag baint úsáide as na treoracha a leanas agus/nó féach ar an bhfíseán (<https://youtu.be/gdUfkMFtXI4>):

- Marcáil amach 4 líne atá spásáilte go cothrom
- Gearr feadh na línte le siosúr
- Beidh 4 fhlapa agat a fhillfidh tú ansin, ag dul tuathal
- Fill an t-imeall deiridh
- Is féidir do phota a mhaisiú anois.



2) Féadfaidh tú síol péachta a d'aimsigh tú a chur nó síolta a cheannach, ach bí cinnte gurb é an t-am ceart den bhliain lena chur (seiceáil anseo: <https://www.garden.ie/thisweek/>). Maidir le síolta móra, de ghnáth, líon an pota leath bealaigh le hithir, cuir isteach do shíol, clúdaigh go barr le hithir agus uiscigh ach gan an iomarca (is féidir roinnt síolta beaga a scaipeadh ar bharr na hithreach).

3) Sa deireadh, cuir do phota in áit ghrianmhar taobh istigh ar dtús agus fan, coinnigh le huisciú agus breathnaigh ar an bhfás! D'fhéadfá do shíol potaithe a thabhairt, le lipéad agus treoracha, mar bhronntanas.

CONCLÚID...

Ar bhain tú taitneamh as do phota plandaí maisiúil féin a dhéanamh agus síol a chur? An bhfuil tú níos muiníní ag cur síolta, agus ar mhaith leat é a dhéanamh arís? Má tá, agus dá mba mhaith leat, cad a chuirfidh tú? An bhfuil tú ag cur aon rud inite agus má tá, an nglanfaidh tú é agus an íosfaidh tú é nuair a bheidh sé réidh? Ar mhaith leat tuilleadh a fhoghlaim faoi phlandaí agus faoi uisce a choigilt? Dá mba mhaith leat, féach ar cheann de na laithreáin ghréasáin a leanas:

<https://www.water.ie/conservation/>

<https://www.water.ie/conserve/>

<https://greenschoolsireland.org/green-schools-stay-home-water-week-5/>

<https://www.bbc.co.uk/bitesize/topics/zxfrwmn/articles/zss9msg>

Go raibh maith agat as
páirt a ghlacadh!
#ScoileannaGlasa